

Filíocht | Sample answer

An Spailpín Fánach (2018- Páipéar 2, Ceist 3A)

(i) “Tá brón agus bród an spailpín le feiceáil go soiléir sa dán An Spailpín Fánach.” É sin a phlé. *(The sadness and pride of the labourer is to be seen clearly in the poem An Spailpín Fánach. Discuss)*

Ní fhéadfaí a bheith in aon amhras *(one can be in no doubt)* faoi ach go bhfuil bród agus brón an spailpín le feiceáil go soiléir sa dán seo. Ar an gcéad dul síos, tá brón ar an bhfile nach bhfuil post aige mar fhile anois *(that he doesn't have a job as a poet now)* agus caithfidh sé *(he must)* dul ag obair mar spailpín *(labourer)*. Fadó *(long ago)* bhí meas *(respect)* ag daoine ar na filí in Éirinn. Bhí siad saibhir *(wealthy)* agus d'oibrigh siad do dhaoine saibhre (na patrúin *(the patrons)*). Nuair a tháinig na Sasanaigh *(the English)* go hÉireann, d'fhág na patrúin agus ní raibh post ag na filí. Bhí ar an gcuid is mó dóibh *(most of them had to)* dul amach chun obair a fháil mar spailpíní-sclábhaithe feirme *(farm slaves)*.

Bíonn ar an spailpín dul ó fheirm go feirm ag obair go crua *(go from farm to farm working hard)* do na Sasanaigh:

*“Im spailpín fánach atáim le fada ag seasamh ar mo shláinte,
Ag siúl an drúchta go moch ar maidin ‘s ag bailiú galair ráithe”*

Is léir go bhfuil brón ar an bhfile mar bíonn sé tinn go minic *(sick often)* mar gheall ar an obair a bhíonn le déanamh aige i ngach sórt aimsire *(in every type of weather)*. Caithfidh sé dul go dtí an margadh híreálta *(hiring market)*, agus cuireann sé sin náire *(embarrassment)* air:

“ach glacfad fees ó rí na gCroppies, cleith is píc chun sáite”

Ní mhothaíonn sé go bhfuil aon díniú *(dignity)* aige agus tá brón an spailpín le feiceáil go soiléir anseo. Nuair a théann sé go Durlas bíonn daoine ag glaoch go bhfuil an spailpín fánach ag teacht *(calling that the wandering labourer is coming)*. Léiríonn sé seo nach bhfuil meas ag daoine ar an spailpín:

“is nuair a théim go Durlas ‘s é siúd a bhíonn agam- sin chúibh an spailpín fánach”

Tá brón an spailpín le feiceáil arís mar cé go ndéanann sé obair dian *(even though he does hard work)*, bhíodh an pá go suarach *(the pay would have been paltry)*. Éiríonn na Sasanaigh níos saibhre *(the English get wealthier)* mar ní fhaigheann an spailpín ach pá íseal *(low pay)*.

Anuas ar seo, feicimid gur duine bródúil (*proud*) é an spailpín chomh maith. Uair amháin, bhí sé saibhir nuair a bhí sé ina fhile, ag obair do na patrúin. Bhí ról lárnach (*central role*) aige sa tsochaí (*in society*). Bhí meas ag daoine air. Bhí an-bhród air ansin.

Anois, áfach, cuireann an saol atá a caitheamh aige náire air. Feicimid go bhfuil bród fós air mar tá a fhios aige go bhfuil sé i bhfad níos láidre (*much stronger*) agus níos fearr ná na daoine eile ag déanamh an obair seo. Tá sé láidir de bharr an obair crua a dhéanann sé gach uile lá (*every single day*) ag dul ó fheirm go feirm:

“cúrsa leathan láidir”

Tá bród an spailpín le feiceáil arís mar níl an spailpín sásta filleadh ar a phost (*return to his job*). Deir sé nach rachaidh sé ar ais (*he will not go back*) go dtí an margadh híreálta i gCaiseal:

“go deo deo arís ní raghad go Caiseal”

Tá an file ró-bhródúil (*too proud*) chun an obair náireach (*the embarrassing work*) a dhéanamh. Ní bheidh sé ina spailpín arís, mar ba mhaith leis a shaol crua, sclábhúil (*slavish*) a fhágáil ina dhiaidh agus páirt a ghlacadh in Éirí Amach 1798 (*play a part in the 1798 Rebellion*). Léiríonn sé seo go bhfuil an-bhród ar an spailpín.

Mar sin, is léir go bhfuil bród agus brón an spailpín le feiceáil sa dán seo.

(ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (*How did the poem affect you? One point of information from the poem is enough to support your answer.*)

Chuaigh an dán seo i bhfeidhm go mór orm. Mhothaigh mé brónach mar gheall ar na híomhánna den saol crua (*harsh life*) atá á chaitheamh ag an spailpín. Osclaíonn an file mo shamhlaíocht féin do shaol an spailpín fánach (*the poet opens my mind to the life of the wandering labourer*). Mothaítear brón (*sadness is to be felt*) go láidir sa dán mar níl post ag an spailpín mar fhile anois agus caithfidh sé dul ag obair mar spailpín:

“im spailpín fánach atáim le fada ag seasamh ar mo shláinte”

Caithfidh sé dul ó fheirm go feirm ag obair go crua agus níl meas ar bith (*no respect at all*) ag daoine saibhre (*wealthy people*) air. Bíonn sé tinn go minic mar bíonn air dul amach ag obair i ngach sórt aimsire:

“ag siúl an drúchta go moch ar maidin ‘s ag bailiú galair ráithe”

Chuir sé sin an-bhrón orm mar níl meas madra (*no respect at all*) ag na Sasanaigh air agus níl aon dínit (*dignity*) aige. Músclaíonn an saol crua, sclábhúil atá a chaitheamh ag an spailpín brón ionaim féin.

(iii) Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe amháin eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn ón dán. (*What is the meter of the poem? Write one point of information about this meter and show your answer with a specific example from the poem.*)

Is amhrán (*song*) é an dán seo. Is féidir an t-amhrán a chloisteáil fós, fiú sa lá atá inniu ann (*even today*), i measc amhránaithe sean-nóis (*amongst sean-nós songs*). Tá trí véarsaí (*three verses*) sa dán, le hocht líne (*eight lines*) i ngach véarsa. Úsáidtear abairtí fada ceolmhara (*long, musical sentences*) le rithim bhreá shimplí (*lovely, simple rhythm*) iontu chun an scéal a chur abhaile orainn (*drive home the story*):

“im spailpín fánach atáim le fada ag seasamh ar mo shláinte, ag siúl an drúchta go moch ar maidin.... sa tír seo an spailpín fánach”

Tuigimid é sin toisc nach bhfuil ach lánstad (*full stop*) amháin i ngach véarsa. Cothaíonn an stíl seo (*this style nourishes*) trua agus bá (*pity and sympathy*) ionainn don spailpín. Úsáidtear uaim (*alliteration*) sa dán seo chomh maith:

“seasamh... shláinte.... moch.... maidin... leathan.... láidir”

Cuireann an uaim le héifeacht an rithim (*the alliteration adds to the rhythm*) san amhrán.